Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2010

# Matamaitic

## Modúl N2 Páipéar 2
## (Le hÁireamhán)
## Bonnsraith

**[GMN22]**

**DÉ MÁIRT 1 MEITHEAMH**

**10.30 am – 11.15 am**

GMN22

**Uimhir Lárionaid**

| 71 | |
|---|---|

**Uimhir Iarrthóra**

| |
|---|

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **trí** cheist **déag**.
Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.


**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 44 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Ba chóir duit áireamhán, rialóir, compáis, dronbhacart agus uillinntomhas a bheith agat.
Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 2.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| **Marc Iomlán** | |

# Bileog Foirmlí

**Toirt priosma** = achar trasghearrtha × fad



| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |


**1** Ríomh $42^3 + \sqrt{9800}$
Scríobh do fhreagra ceart go dtí 2 fhigiúr bhunúsacha.

Freagra _______________ [2]

---

**2** Roinn cóitseálaí iománaíochta an 40 imreoir ina gceithre ghrúpa.
Comhlánaigh an tábla agus tarraing píchairt leis an fhaisnéis seo a thaispeáint.

| Grúpa | Líon imreoirí | Uillinn |
|---|---|---|
| Obair chamáin | 12 | |
| Ag dul i ngleic | 10 | |
| Ag breith | 6 | |
| Ag aimsiú | 12 | |



[4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** **(a)** Faigh toirt an uisce in umar lán dar tomhais 35 cm faoi 42 cm faoi 60 cm.

Freagra _________________ [3]

**(b)** Tá an toirt chéanna d'uisce in umar lán eile is atá sa chéad umar.
Tá an t-umar seo 35 cm ar fad agus 84 cm ar leithead.
Cad é airde an umair?

Freagra _____________cm [2]

**4** Faigh luach $5x + 3y$ nuair atá $x = -3$ agus $y = 2$

Freagra _______________ [2]

**5**



Costas: £119.90


Tá £119.90 ar iPod.
Tá £35 sábháilte cheana féin ag Daithí leis an iPod a cheannach.
Leanann sé air ag sábháil £7.50 gach seachtain.
Cá mhéad seachtain iomlán a bheidh ann sular féidir leis an iPod a cheannach?

Freagra _____________ seachtain [4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6**




Tarraing an líne $y = 2x - 1$ ar an eangach thuas. [3]

**7** Anseo thíos tá aoiseanna na mball i gcumann sláinte.

| **Aois (blianta)** | 0–9 | 10–19 | 20–29 | 30–39 | 40–49 | 50–59 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Minicíocht** | 5 | 28 | 36 | 25 | 14 | 10 |

Tarraing léaráid mhinicíochta grúpáilte do na sonraí seo. [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**8** Tá cóisir á heagrú ag Sinéad. Caithfidh sí dhá channa dhéag de chóla a cheannach.
Is é 40p an costas atá ar channa amháin cóla sa dá shiopa áitiúla.
Tá tairiscint ar leith ar channaí cóla i ngach ceann den dá shiopa.

| * Ventra * | * Viva * |
|---|---|
| lascaine 20% ar dhá channa dhéag | ceannaigh 3 cinn ar chostas 2 cheann |

Cé acu tairiscint is fearr?
**Taispeáin do chuid oibre go soiléir.**

Freagra ______________________ [4]

---

**9** Ainmnigh dhá chruth a bhfuil sleasa cothroma dar fad $x$ orthu araon agus a bhfuil imlíne dar fad $4x$ orthu araon.

Freagra ________________________ agus _______________________ [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**10** **(a)** Tá A = (4, –5), tá B = (–2, 9)
Faigh comhordanáidí lárphointe na líne AB.

Freagra (_____, _____) [2]

**(b)** Is é 20° an uillinn sheachtrach de pholagán rialta.
Cá mhéad slios atá ar an pholagán?

Freagra _________ [2]

---

**11** Anseo thíos tá an t-am, go dtí an nóiméad is cóngaraí, a ghlac mná leis an Spraoi-rás "Runher" i mBéal Feirste a rith.

| **Am (nóim)** | **Líon na mban** | **Lár-luach** | |
|---|---|---|---|
| 25–34 | 13 | 29.5 | |
| 35–44 | 107 | | |
| 45–54 | 234 | | |
| 55–64 | 71 | | |
| 65–74 | 22 | | |
| 75–84 | 1 | | |
| | | | |

**(a)** Cén t-eatramh ranga ina bhfuil an t-am airmheánach?

Freagra _______________ [1]

**(b)** Déan meastachán ar an mheán-am leis an Spraoi-rás a rith.

Freagra _______ nóiméad [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**12** Gach uair an chloig, tagann méadú 5% ar mhais na mbaictéar i meascán.
Ar 9.00 am, is é 120 mg mais na mbaictéar.
Cad é mais na mbaictéar ag meán lae?

Freagra ___________ mg [3]

---

**13** Faigh imlíne leathchiorcail dar trastomhas 15 cm.

Freagra ___________ cm [3]

---

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

---